



# CAIRDE NA SCOILE

## Nuachtlítir

### Deireadh Fómhair 2017

Fáilte ar ais ó Chairde na Scoile agus fáilte faoi leith roimh ár dtuismitheoirí nua. Tá an-áthas orainn a chur in iúl daoibh go bhfuil an-chuid imeachtaí iontacha pleanáilte againn do scoilbhliain reatha.

### CCB

Tionóladh Cruinniú Cinn Bliana ar an 19-09-17. Bhí tuairisciú ar imeachtaí na scoilbhliana 2016/2017 a fuair tacaíocht iontach ó thuismitheoirí agus pobal na scoile. Go raibh míle maith agaibh!

D'éirigh go hiontach le himeachtaí na bliana seo caite, Dioscó Oíche Shamhna, Rith sa bPuiteach agus an leabhar cócaireachta 'Bia Blasta' (20 cóip fágtha san oifig ar €15) ach go háirithe. Ina theannta seo, bhain na tuismitheoirí, cuairteoirí agus páistí an-sult as an bhfaiiltiú don Chóineartú agus don Chéad Chomaoineach. Ní fhéadfaí na himeachtaí seo a rith gan an tacaíocht iontach ó thuismitheoirí na scoile.

Tá an-áthas orainn a chur in iúl daoibh gur bronnadh €14,088 ar an scoil chun cabhrú leis na hacmhainní seo a leanas a cheannach: Cluichí Bhalla do chlós na Naíonán, córais fuaime do ranganna 2 & 3 agus teicneolaíocht idirghníomhach don scoil.

### Coiste Chairde 2017/2018

Cuireadh coiste nua Chairde ar an 26-09-17 agus tá meascán tuismitheoirí ó ranganna difriúla sa scoil. Tá 16 tuismitheoir ar an gcoiste nua. Tá áthas orainn a chur in iúl go bhfuil an Cathaoirleach agus an Leas Chathaoirleach céanna ann i mbliana. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an obair iontach a rinne coiste na bliana seo caite agus gabhaimid buíochas faoi leith leis na baill atá ag seasamh siar i mbliana. Tá sonraí teagmhála na n-oifigh ar fáil thíos. Ná bíodh leisce ort dul i dteagmháil le ball ar bith don choiste má tá ceist nó smaoinemh agat do Chairde.

Ainm	Ról	RPhost	Fón
Bairbre Carthy	Cathaoirleach	<a href="mailto:bcarthy@gmail.com">bcarthy@gmail.com</a>	0868135068
Keira Kelly	Leas Chathaoirleach	<a href="mailto:keirakelly.t@gmail.com">keirakelly.t@gmail.com</a>	0873857437
Miriam Lynch	Rúnaí	<a href="mailto:mirsylynch@gmail.com">mirsylynch@gmail.com</a>	0877984870
Catherine English	Leas Rúnaí	<a href="mailto:Catherine.english@gmail.com">Catherine.english@gmail.com</a>	0879119405
Anne O'Loughlin	Cisteoir	<a href="mailto:annieoloughlin@gmail.com">annieoloughlin@gmail.com</a>	0879889180
Karl Reynolds	Leas Chisteoir	<a href="mailto:Karl.Reynolds@sandisk.com">Karl.Reynolds@sandisk.com</a>	0879306493

Ag an gcéad chruinniú leagadh amach plean don bhliain le himeachtaí iontacha beartaithe.



## DioscÓ Oíche Shamhna!

An chéad imeacht i mbliana ná DioscÓ Oíche Shamhna. Beimid ag bailiú airgid don scoil(50%) agus d'Ospidéal Sráid Teampaill(50%). Beidh an dioscó ar siúl ar an Aoine, an 27-10-17.

<b>Céard?</b>	DioscÓ Oíche Shamhna GSBB 2017
<b>Cathain?</b>	Dé hAoine 27ú Deireadh Fómhair 2017
<b>Cén Áit?</b>	Halla maisithe scanrúil na scoile!
<b>Cé mhéid?</b>	Costas an DioscÓ ná €5 an pháiste agus úsmhéid €10 do chlann. Seolfar clúdach litreach abhaile ar an Luan, an 23-10-17 le bheith seolta ar ais roimh an Aoine, an 27-10-17.
<b>Eolas Breise</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Éadaí bréige! (Lámhdhéanta níos fearr!)</li><li>• Mála le rudaí deasa do gach páiste</li><li>• DJ den scoth le ceol den scoth a chur ar fáil!</li></ul>

## Bag to School

Cabhraíonn Bag2school linne airgead a bhailiú don scoil agus do charthannachtaí eile. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag [http://www.bag2school.ie/irl/about\\_us/](http://www.bag2school.ie/irl/about_us/).

Bhi an chéad bhailiúchán éadaí againn ar an Déardaoin, an 28-09-17 agus d'éirigh linn €340.88 a thiomsú don scoil. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do gach éinne a sheol éadaí isteach. Beidh bailiúcháin eile ann i Mí Eanáir agus Mí Bealtaine. Cuirfear ar an eolas sibh maidir le dátaí níos congaraí don am.

## Cártaí Nollag 2017

Tá na cártaí nollag críochnaithe ag na páistí agus seolta ar aghaidh chuig an comhlucht clódóireachta. Seolfar samplaí abhaile maraon le foirmeacha ordaithe chomh luath agus is féidir.

## Príomh Imeacht Tiomsú Airgid 2017/2018

Tá an-áthas orainn go bhfuil socruithe faoi lán seol maidir le príomh imeacht shóisialta na bliana a bheidh ar siúl Mí Aibreáin 2018. Dáta le fógru go luath. Coinnigh an oíche sin saor le bhur dtoil agus coinneigh súil ar leathanach Facebook Chairde le bhur dtoil.

## Bí Gníomhach!

Más suim leat bheith gníomhach ag cabhrú le himeachtaí na bliana, déan teagmháil linn le do thoil

Le meas,  
Cairde na scoile



Facebook <https://www.facebook.com/CairdeNaScoil>